Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Feabhra 2021
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0048(NLE)**

**6446/21
ADD 26**

**RECH 72
COMPET 123
IND 40
MI 105
SAN 82
TRANS 94
AVIATION 42
ENER 50
ENV 94
SOC 95
TELECOM 70
AGRI 79
SUSTDEV 22
REGIO 29
IA 22**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Feabhra 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2021) 38 final - Part 5/9 |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir leis na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach a bhunú An Chomhpháirtíocht Eorpach maidir le córas iarnróid na hEorpa a chlaochlú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2021) 38 final - Part 5/9.

---

Faoi iamh: SWD(2021) 38 final - Part 5/9

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.2.2021
SWD(2021) 38 final

PART 5/9

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir leis na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach a bhunú**

**An Chomhpháirtíocht Eorpach maidir le córas iarnróid na hEorpa a chlaochlú**

{COM(2021) 87 final} - {SEC(2021) 100 final} - {SWD(2021) 37 final}

| **Bileog Achoimre Feidhmiúcháin (2 leathanach ar a mhéad)** |
|---|
| Measúnú tionchair ar chomhpháirtíocht Eorpach chun córas iarnróid na hEorpa a chlaochlú |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?** |
| Is é an fhadhb nach mór dul i ngleic leis cliseadh an tionscail iarnróid chun fís chomhchoiteann a fhorbairt don athrú ag ceadú d'úsáid thapa teicneolaíochtaí nua- aimseartha (go háirithe digitiú agus uathoibriú) chun córas iarnróid atá idir- inoibritheach go hiomlán, solúbtha agus costéifeachtach a sholáthar.<br>Is iad seo a leanas na spreagthaí:<br>• ilroinnt an tionscail – éilítear comhordú idir na Ballstáit, idir bonneagar agus rothstoc, agus idir forbróirí fochórais éagsúla le haghaidh úsáid éifeachtach fhormhór na nuálaíochtaí i gcóras atá an- chasta;<br>• gá le comhleanúnachas idir taighde agus nuálaíocht agus caighdeánú/rialúchán;<br>• rannpháirtíocht theoranta agus neamhchomhordaithe i dtaighde agus nuálaíocht;<br>• costais arda taighde agus nuálaíochta, rioscaí agus aga tionscanta; agus<br>• ailíniú neamhleor.<br>Beidh tionchair ag na hiarmhairtí ar na páirtithe leasmhara uile feadh an tslabhra luacha agus áiritheoidh siad na rudaí seo a leanas faoin earnáil iarnróid:<br>× go rannchuidíonn sí go teoranta le córas iompair níos inbhuanaithe;<br>× go bhfuil sí ag brath ar tháirgí saincheaptha, a bhíonn costasach agus dolúbtha i ngníomh; agus<br>× nach bhfuil sí chomh hiomaíoch *vis- à- vis* modhanna iompair eile. |
| **Cad é ba cheart a bhaint amach?** |
| Is iad seo a leanas na príomhchuspóirí:<br>➢ iarnród a nuachóiriú san Eoraip ionas gur féidir leis a sciar den mhargadh a mhéadú;<br>➢ tacú le hiarnród lasta d'fhonn astaíochtaí gás ceaptha teasa ó iompar a laghdú; agus<br>➢ críochnú limistéar Eorpach iarnróid aonair a chur chun cinn ag soláthar torthaí maidir le córas iarnróid comhtháite agus inbhuanaithe ag baint tairbhe fhoriomlán as digitiú agus uathoibriú.<br>Ar a sheal, d'fheabhsódh sé sin rannchuidiú an tionscail iarnróid le forbairt shochaíoch san Aontas, ag méadú cumas agus inniúlacht lasta iarnróid, agus ag áirithiú go bhfuil taighde agus nuálaíocht a bhaineann le hiarnród bunaithe ar chur chuige dírithe ar an úsáideoir ag a bhfuil taithí níos fearr ar riachtanais an mhargaidh. |
| **Cad é an breisluach atá le gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?** |
| Chuideodh straitéis chomhchoiteann Eorpach le haghaidh taighde agus nuálaíochta a bhaineann le hiarnród le cur chuige níos comhordaithe a dhíríonn ar an margadh a áirithiú, cur chuige atá in ann páirtithe leasmhara a thabhairt le chéile chun fís choiteann fhoriomlán a sholáthar. Chuirfeadh sé sin ar a chumas don tionscal iarnróid cuspóirí Eorpacha maidir le hiompar agus cuspóirí beartais níos leithne a chomhlíonadh, ag méadú mealltacht iompar iarnróid i gcomparáid le modhanna eile. |

| **B. Réitigh** |
|---|
| **Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a ghnóthú? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth nach bhfuil?** |
| Is trí na bealaí seo a leanas is féidir tacú le taighde agus nuálaíocht iarnróid:<br>• glaonna traidisiúnta Fís Eorpach;<br>• comhpháirtíocht chomh- chláreagraithe; nó<br>• comhpháirtíocht institiúidithe faoi Airteagal 187 CFAE.<br>Is í an chomhpháirtíocht institiúidithe an rogha thosaíochta, ós rud é gurb í an t- aon rogha a sholáthraíonn ardán le haghaidh forbairt chomhchoiteann taighde agus nuálaíochta a fhreastalaíonn ar fhís chomhleanúnach fhoriomlán. Is í an rogha sin is fearr chun straitéis agus gealltanas fadtéarmach a sholáthar ón tionscal agus ón Aontas. Chruthaigh sí an luach a bhaineann léi sa chomhghnóthas S2R reatha. Bheadh seasmhacht na rogha sin agus na gealltanais atá ceangailteach ó thaobh dlí ón Aontas agus ó chomhpháirtithe tionscail ríthábhachtach chun ról a thabhairt do pháirtithe leasmhara i ndiaidh phaindéim COVID- 19 agus na hiarmhairtí eacnamaíocha a cheaptar a bheidh léi, ar dócha go mbeadh ciorruithe san infheistíocht san earnáil taighde agus nuálaíochta ina measc. |
| **Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla? Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo** |
| Chuir ní ba mhó ná 65 % de na freagróirí in iúl gurb iad comhpháirtíochtaí institiúidithe an bealach is oiriúnaí chun dul i ngleic le dúshláin iarnróid agus le claochlú chóras iarnróid na hEorpa. Go háirithe, luaigh siad an tsraith forbartha táirge fhoriomlán, gealltanas fadtéarmach agus glacadh margaidh. |
| **C. Tionchar na rogha tosaíochta** |
| **Cé na tairbhí a bhaineann leis an rogha thosaíochta (más ann dóibh; murab ann, cad iad tairbhí na bpríomhroghanna)?** |
| Is í an chomhpháirtíocht institiúidithe an bealach is fearr le háirithiú go mbeadh na hearnálacha príobháideacha agus poiblí go hiomlán rannpháirteach fós i bhforbairt agus cur chun feidhme straitéis fhadtéarmach le haghaidh taighde agus nuálaíocht iarnróid a fhad agus a spreagtar rannpháirtíocht fhairsing ó phríomhpháirtithe leasmhara. Áirithíonn an rogha sin tionchair shubstaintiúla eolaíochta, eacnamaíocha, theicneolaíocha agus shochaíocha, e.g. glacadh an mhargaidh le réitigh nuálacha agus laghduithe astaíochtaí. Anuas air sin, déanfaidh sé acmhainní airgeadais agus comhchineáil an tionscail a ghiaráil chun tionchar chistiú ón gCoimisiún a uasmhéadú. |
| **Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann dóibh, murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?** |
| Cosnaíonn comhghnóthas S2R EUR 3,5 milliún (EUR 1,6 milliún i gcostais riaracháin + EUR 1,9 milliún i gcostais foirne) in aghaidh gach bliana oibriúcháin. Ní sháróidh a chostais riaracháin fhoriomlána EUR 27 milliún (50 % ón Aontas; 50 % ó chomhaltaí eile). Ba cheart na costais bhonnlíne sin a oiriúnú ar bhonn uaillmhian, chlár agus bhuiséad na comhpháirtíochta is iarrthóir, Córas Iarnróid na hEorpa a Chlaochlú. |
| **Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?** |

Chothódh rannpháirtíocht fhairsing páirtithe leasmhara agus cruthú líonraí a nascann ollscoileanna agus eagraíochtaí taighdebhunaithe faoi chomhordú comhpháirtíochtaí amach anseo níos mó rannpháirtíochta ó FBManna, a bhfuil an tsolúbthacht acu nuálaíochtaí a fhorbairt agus iad a thabhairt chuig an margadh sách tapa.

Bheadh tionchar suntasach ag comhpháirtíocht institiúidithe ar iomaíochas an tionscail iompair iarnróid agus an tionscail soláthair iarnróid araon. D'áiritheodh sé go nglacfadh an margadh le cion ard aschuir thaighde agus nuálaíochta.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

Bheadh comhpháirtíocht institiúidithe in ann an riarachán a bhaineann le rannpháirtíocht na gcomhaltaí sna gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a shimpliú. D'áiritheodh sé ailíniú idir cláir forbartha náisiúnta taighde agus nuálaíochta iarnróid agus dá bhrí sin bhainfí úsáid níos fearr as acmhainní poiblí ar an iomlán.

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?**

Dhéanfadh an tionscnamh an méid seo a leanas:

- ✓ neartófaí cearta shaoránaigh an Aontais ar bhealach suntasach ag cur béim níos láidre ar chomhtháthú córais iarnróid náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla le modhanna eile; agus
- ✓ chumasófaí idirphlé éifeachtach idir na páirtithe atá rannpháirteach i ngníomhaíocht taighde agus nuálaíochta agus na páirtithe atá freagrach as beartas agus rialúchán iarnróid ag leibhéal idirnáisiúnta agus náisiúnta (lena n- áirítear comhlachtaí caighdeánaithe idirnáisiúnta).

**Comhréireacht?**

D'áiritheodh comhpháirtíocht institiúidithe go bhfanann na hearnálacha príobháideacha agus poiblí go hiomlán rannpháirteach fós i bhforbairt agus cur chun feidhme straitéis fhadtéarmach le haghaidh taighde agus nuálaíochta iarnróid, agus go ndéanfar acmhainní airgeadais agus comhchineáil an tionscail a ghiaráil chun tionchar chistiú an Choimisiúin a uasmhéadú agus cuspóirí de chuid 'an chomhaontaithe ghlais don Eoraip' a sholáthar. Dá bhrí sin, ní sháraíonn an rogha thosaíochta an méid is gá chun an fhadhb bhunaidh a réiteach agus cuspóirí an tionscnaimh a chomhlíonadh.

**D. Iarobair**

**Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?**

Dhéanfaí meastóireacht eatramhach ar an gcomhpháirtíocht institiúidithe bheartaithe nuair atá sí ag feidhmiú ar feadh 3 bliana.